Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14263/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0419(NLE)**

**FISC 186**
**ECOFIN 1110**
**N 84**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 16014/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha<br>- *Glacadh* |

1. An 24 Samhain 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle tograí le haghaidh Cinntí ón gComhairle[1] maidir le síniú agus tabhairt i gcrích, faoi seach, comhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (‘an Comhaontú’).

2. Ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe an 20 Feabhra 2024[2].

3. Vótáil Parlaimint na hEorpa ar a tuairim i ndáil leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 10 Aibreán 2024[3].

[1] 16013/23 + ADD 1, 16014/23 + ADD 1.

[2] Cinneadh (AE) 2024/767 ón gComhairle an 20 Feabhra 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (IO L, 2024/767, 28.2.2024).

4. Síníodh an Comhaontú[4] ina dhiaidh sin an 2 Deireadh Fómhair 2024.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a ghlacadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air in 16401/23, ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.

[3] Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (COM(2023)0736 – C9-0007/2024 – 2023/0419(NLE)).

[4] 16404/23.